# Aighneacht 2

## Is mian linne, Chomharchumann Shailearna Teo. an aighneacht seo a chur faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Plean Nua Contae 2022 – 2028 á ullmhú.

### Calaphort Domhanmhara a Thógáil i Ros a Mhíl

Tá sé tábhachtach go mbeadh sé mar chuspóir i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028 go dtógfaidh calaphort domhanmhara i Ros an Mhíl agus go ndéanfaí an calaphort a fhorbairt mar ionad chun fuinnmeamh inathnuaite a thabhairt i dtír ann ó mhuilte gaoithe domhainmhara ar chósta an iarthair. Tá sé riachtanach go gcuirfí an t-infrastuchtúr cuí ar fáil chun an chumhacht sin a thabhairt go dtí an chuid eile den tír agus go dtí margaí an Ríocht Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh.

Is é Ros a Mhíl an príomhchalafort iascaigh i gContae na Gaillimhe agus is calafort farantóireachta é freisin a fhreastalaíonn ar Oileáin Árann in aice láimhe. Tá an calafort suite ag bealach isteach an Tuaiscirt go cuan na Gaillimhe, agus mar sin, tá pointe rochtana aige gar d'áiseanna gaoithe ar chósta thiar láir na hÉireann ó Cheann Léime sa Deisceart go dtí Béal an Mhuirthead sa Tuaisceart agus an deis ann freisin freastal ar chalafoirt níos faide i gcéin.

*Fíor1: Léarscáil de shuíomh Ros a Mhíl*




Tugadh cead pleanála don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cé domhainmhara a thógáil i Ros a Mhíl. Tugadh cead pleanála sa bhliain 2018 don Ché Dhomhainmhara, 200m ar fhad, agus doimhneacht cainéal isteach de 8 méadar faoi bhun tagra cairte (-8m CD) agus leaba ancaire de (-12m CD) aige. (http://www.eplanning.ie/GalwayCC/AppFileRefDetails/17967/0 )

Léiríonn "Forbairt Chuan Ros a Mhíl, Tuarascáil Staidéir ar Chriosú Úsáid Talún" le "Mott MacDonald 2007" gur féidir fad na cé a shíneadh go 700m más gá.
Beidh an cead pleanála fós gníomhach ar feadh cúig bliana ón dáta ar ceadaíodh é.

## Forbairt Tionscadail

Tá Údarás na Gaeltachta ag féachaint ar dheiseanna chun forbairt a dhéanamh ar thalamh atá faoi úinéireacht an Údaráis agus atá atá ag síneadh le Calafort Ros a Mhíl, chun cabhrú leis an Tionscal Fuinnimh Eischósta atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn Comharchumann Shailearna Teo., leis an gcur chuige atá ag Údarás na Gaeltachta. Is le Údarás na Gaeltachta an banc talún atá ag síneadh le hais balla na céibhe. Tá ról lárnach ag an Údarás i bhforbairt na talún de bhrí go gcuireann forbairt thionsclaíoch fostaíocht ar fáil sa Ghaeltacht, agus mar sin, tá se beartaithe ag Údarás na Gaeltachta tús áite a thabhairt d'fhorbairt na talún seo, i dteannta le forbairt a dhéanamh ar an gcé dhomhainmhara bunaithe ar riachtanais thionscal na n-athnuaiteán amach ón gcósta.
Tá an talamh atá i gceist – os cionn 20 acra, díreach in aice leis an suíomh a beartaíodh don ché dhomhainmhara.



## An Margadh Féideartha

Tá ceangaltas ag Éirinn do thuairim is 3.5GW ar a laghad de ghaoth amach ón gcósta faoi 2030. Meastar faoi láthair go bhfuil toilleadh de 12.5 GW ann do ghaoth ón talamh in Éirinn. Mheas

Fuinneamh Gaoithe Éireann go mbeidh Éire neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 go mbeidh 15GW de ghaoth ón talamh de dhíth orainn, ní chuimsíonn sé sin an t-éileamh ar onnmhairiú fuinnimh. I gcás ina ndéanfar an próiseas toilithe a chuíchóiriú, go neartófar an eangach náisiúnta go leordhóthanach agus go bhfuil idirnascairí i bhfeidhm do mhargaí an Aontais Eorpach agus na Ríochta Aontaithe, is é an tuairim atá ann faoi láthair go bhfuil deiseanna inmharthana ann méadú i bhfad níos mó ná 15 GW agus féidearthachtaí suntasacha a bheith ann don chósta thiar mar gheall ar an dlús fuinnimh sa réigiún. Ba cheart a thuiscint gur deis shuntasach mhargaidh atá ann ag an tráth seo.

**Sínithe thar ceann Comharchumann Shailearna Teo:**

Peigí Uí Chéidigh-Bainisteoir Dáta 22-07-2021